



**CAITH CÚPLA LÁ
SAOIRE SA
GHAELTACHT!**

TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
An tiomantas céanna?	2
Rud in easnamh orthu	2
Stáisiún traenach Heuston	
Peeping Tom	3
Fir!!	3
Scéal Grinn	3
An Réin & an Moselle	4
Ag dul in olcas	5
Turas ar bhóithrín na smaointe	5
Kraków arís	5
An Ghaeilge i nDomhnach Bat	6
Bróga	6
Rampaí	7
Tabhair aire ar na hAirí	8
Na Marsaigh	8
Maidineacha caife	9
Railí ghluaisteán seanré	9
Na Ceannabháin Bhána — Turas	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Sacar na mBan	11
Seó Capall BhÁC	12
Iománaíocht	12
Snámh na Life	12



AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR 1 EAGRÁN 8

LÚNASA 2014

CEANGAL LINN DON FHÓMHAR

Críochnaíonn an samhradh oifigiúil ag deireadh na míosa seo. Tá an Fómhar ag teacht agus tá súil againn go bhfuil sibh ag díriú bhur smaointí ar an nGaeilge in athuair. Tá scéal na Gaeilge cosúil le haimsir an tsamhraidh Éireannaigh - seal dorcha agus seal griannmhar. Is cinnte go bhfuil suim á cur sa teanga ag níos mó daoine, go háirithe sa phríomhchathair. Tá gluaiseacht na maidineacha caife ag taispeáint an treo. Tháinig borradh mór ar na hócáidí seo i rith na bliana agus, san iomlán, tá 24 acu ann anois (féach ar leathanach 9). Mura bhfuil Maidin Chaife i do cheantar cuir ceann ar bun! Is dócha go bhfuil an chuid is mó de na daoine a léann an iris seo ag freastal ar maidin chaife éigin. Mura bhfuil tú, a léitheoir dílis, ceangail le ceann go luath. Tógann na grúpaí seo an Ghaeilge amach i measc an ghnáthphobail. Tarlaíonn sé go minic go dtagann daoine chugainn ag rá “*Is deas an rud é an Ghaeilge a chloisteáil á labhairt.*” Is trua nach ndéanann na daoine seo iarracht í a labhairt iad féin! Táimid ag iarraidh na grúpaí éagsúla a chur in aithne dá chéile chun go mbeimid in ann ár scéalta éagsúla faoin teanga a mhalartú. Thug muintir Fhionnghlaise cuairt orainn i nDomhnach Míde le déanaí (féach thíos) agus bhí maidin álainn againn. Céim bheag ar aghaidh is ea teacht le chéile mar seo. Treisíonn sé gluaiseacht na maidineacha caife. Is de réir a chéile a thógfáir na caisleáin. Ach cad iad na céimeanna eile ab fhéidir linn a thógáil a rachaidh chun tairbhe na Gaeilge? An bhfuil moltaí agaibhse? Má tá, cuir chuig antaobhothuaidh2014@gmail.com iad.



Muintir Fhionnghlaise ar chuairt ar Dhomhnach Míde

CEACHT BEAG NA GAELIGE - "AN" - QUESTIONS IN THE PAST TENSE



Nuair a bhíonn rud éigin á rá agat san Aimsir Chaite (**Past Tense**) baintear úsáid de ghnáth as an bhfocal 'AR' mar shampla:

“*ar cheannaigh tú do chóta nua fós?*” (“*did you buy your new coat yet?*”)

“*ar thóg siad na páistí leo?*” (“*did they take the children with them?*”)

“*ar scríobh Tadhg an nóta?*” (“*did Tadhg write the note?*”)

Ach tá sé (6) briathar roimh a gcuirtear 'AN' agus seo iad: -

chonaic – an bhfaca? (an bhfaca tú...? *did you see...?*)

dúirt – an ndúirt? (an ndúirt sí é sin? *did she say that?*)

rinne – an ndearna? (an ndearna sibh é? *did you do it?*)

bhí – an raibh? (an raibh sé ann? *was he there?*)

chuaigh – an ndeachaigh? (an ndeachaigh Aoife abhaile? – *did Aoife go home?*)

fuair – an bhfuair? (an bhfuair an fear a shóinseáil? – *did the man get his change?*)

AN BHFUIL AN TIOMANTAS CÉANNA FÓS ANN? *Ben Mac Lochlainn*

Tá sé roinn rialtais déag ann faoi láthair. Tráth dá raibh bhí Roinn amháin ann don Ghaeltacht - 'Roinn na Gaeltachta'. Ach ansin le himeacht aimsire agus ar chúis ait éigin cuireadh deireadh léi agus anois tá cúrsaí na Gaeltachta faoi chúram na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ní thuigim an loighic a bhí taobh thiar den chinneadh chun deireadh a chur leis an Roinn sin. Mar a dhealraíonn sé domsa má bhíonn tú dáiríre faoi rud éigin agus má theastaíonn uait é a chothú agus a chur chun cinn, go ndéanfaidh tú gach ar do chumas chun é sin a bhaint amach agus an sprioc nó an fis a thabhairt faoi bhláth. Bheadh sé ní ba éasca d'fhuinneamh agus d'aighe a dhíriú ar an nGaeltacht mura bhfuil ach an Ghaeltacht amháin faoi do chúram!

San *Irish Independent* an 8 Feabhra 2011 tá alt faoi rún Fhine Gael an Ghaeilge a dhéanamh mar ábhar roghnach san Ardteist. Buíochas le Dia níor éirigh leis an mbalún sin ach ardaíonn sé an cheist faoi chonas arbh fhéidir rialtas ar bith na hÉireann a leithéid de rud a mholadh sa chéad áit? Agus is é an rún is déanaí maidir leis an Ghaeilge a fhorbairt agus a chothú ná an gearradh siar ag Foras na Gaeilge ar mhaoiniú irisí Gaelacha agus SAOL ina measc. Cuireann sé do do smaoineamh faoin dáiríreacht atá in ainm is a bheith ann dár dteanga dhúchais. Maidir leis an bplean 20 bliain - (250,000 cainteoirí laethúil a chruthú i gceann fiche bliain) níl a fhios againn cad atá ag tarlú dó. Tá 80,000 cainteoirí laethúil na Gaeilge ann cheana féin! Ní ag **starting from scratch** atáimid. Agus cad é an uair deireanach a chuala tú Gaeilge á labhairt sa Dáil?

Tá sé deacair go leor a chreidiúint go bhfuil an tiomantas ann ag an rialtas i dtaca leis an nGaeilge, nuair a fheictear na ceapacháin a rinne sé maidir le daoine a mbeidh i mbun na Gaeilge. Is daoine breátha cumasacha iad Joe Mchugh agus Heather Humphreys ach amháin *nach bhfuil Gaeilge acu!* Ní luíonn sé sin le ciall. Ach nach bhfuil cluaisíní ann sa Dáil dóibh siúd gan Ghaeilge acu. Fadhb réitithe. Mar a dúirt an Taoiseach Enda Kenny an Chéadaoin 16 Iúil - “*let them use headphones.*” Tá sé sin beagánín cosúil le Marie Antoinette ag rá “*let them eat cake!*”



BÍONN RUD ÉIGIN IN EASNAMH ORTHU

Más duine thú atá sáite sa Ghaeilge le blianta fada - ní thagann sé mar ionadh duit. Naimhde na teanga ag caitheamh anuas uirthi le habairtí mar: '*bheifeá níos fearr as le teanga eile a fhoghlaim*' nó '*an Ghaeilge -is teanga mharbh í atá ar chóras tacaíochta beatha* (**life support system**). Anois, is tuairimí aineolacha iad sin atá ráite ag daoine aineolacha nach bhfuil an t-eolas iomlán acu faoin nGaeilge. Sa chéad áit - déantear dearmad gur is Béarlóirí Gaeilgeóirí freisin. Agus is é an dea-rud faoi sin ná gur is féidir an té a bhfuil dhá teanga aige nó aici dhá thrá a fhreastail - saol na Gaeilge agus saol an Bhéarla. Dóibh siúd a mbíonn ag gearán faoin nGaeilge, tá easpa tuisceana go hiomlán acu ar ghné shóisialta (**social dimension**) na teanga. Ní thuigeann siad go bhfuil a saol go léir teoranta le hiomhá ar an gcultúr Gaelach mar fo-struchtúr nó fo-chultúr sa saol. Táthar ag maireachtáil sa chultúr Béarla amháin. Sin an fhadhb.

STÁISIÚN TRAENACH HEUSTON, BÁC




Tá sé ar cheann de na foirgnimh is áille i mBÁC ach níl sé suite i lár na cathrach. Deir daoine áirithe gur mór an trua é sin mar go chuirfeadh sé go mór le hiomhá lár na cathrach atá gruama go leor. Is stáisiún traenach é agus tá sé suite ag deireadh abhainn na Life in aice le Cé Victoria (*Victoria Quay*). Tógadh sa bhliain 1844 é ag *The Great Southern & Western Railway*. Is eisean an stáisiún chun triail air má bhíonn tú ag dul go Luimneach nó go Corcaigh nó go Gaillimh. Ba é an t-ainm a bhí air roimh 1965 (ar chomóradh 50 bliain ó Éirí Amach na Cásca) ná *Kingsbridge Station* ach athainmníodh é i gcuimhne ar Sheán Heuston - a throid san Éirí Amach. I geann bhliain go leith (2016) beifear ag comóradh na seachtaine iontaí sin.

PEEPING TOM

Antóin Mac Suibhne

Sa Mheánaois bhí duine darbh ainm Leofric ina chónaí i mbaile Coventry i Sasana. Ba Thiarna cumhachtach míthrócaireach é agus ghearr sé cáin an-ard agus mhíchothrom ar na daoine. Ba dhuine é a bhí lán dá thábhacht féin. Bhí sé pósta le bean dheas uasal a raibh Godiva uirthi mar ainm. Ba bhean shéimh í agus dúirt sí leis lá amháin go raibh an cháin ródhian ar an bpobal agus gur chóir dó í a laghdú. D'éist sé léi ach dhiúltaigh sé aon rud a dhéanamh. “*Ní dhéanfaidh mé é sin*” ar sé, “*murach go marcaíonn tú lom nocht ar chapall trí shráideanna an bhaile*”. Rinne sí amhlaidh ach d'iarr sí ar mhuintir d'iarr sí ar mhuintir Coventry roimh ré, fanacht istigh ina dtithe leis na brait fuinneoige druidte gan féachaint uirthi agus í ag gabháil sna sráideanna. Ghlac na daoine go léir lenar mhian léi, seachas fear amháin – táilliúir darbh ainm Tom. Ní raibh sé in ann cloí le mian Lady Godiva agus d'fhéach sé amach an fhuinneog uirthi agus í ag dul thart. Ansin láithreach bhuaíl an daille air. Scaip an scéal go tapa agus as sin amach tugadh '*Peeping Tom*' air. Ach an dea-scéal, rinne fear céile Lady Godiva (an Tiarna crua) beart de réir a bhriathar agus bhain sé cuid mhaith den cháin. Deirtear go raibh suaimhneas ar chuile dhuine in Coventry ina dhiaidh sin – ar Lady Godiva agus a fear céile Leofric chomh maith.



FIR... NÁ LABHAIR LIOM FÚTHU!

BanShiopaer

De réir ráitis éisithe ag an *Press Association* (24.10.2013) tá mná níos fearr ag iltascáil (*multitasking*) ná na fir! Anois más bean thú tá tú ag rá leat féin ‘*inis dom rud nach raibh ar eolas agam cheana féin!*’. Ceapaim féin go dúramáin iad na fir go léir agus iad gan dóchas nuair a bhíonn siad ag déanamh na siopadóireachta! An bhfaca tú riamh fear in ollmhargadh agus giota páipéir ina lámh aige agus é ag fánú thart? Uair amháin fiú chonaic mé mo dhuine seo (fear ar ndoigh!) ag lorg rud éigin gan ag éirí leis. Cad a rinne sé? Chuir sé glaoch abhaile ar a bhean chéile ar a ghuthán póca leis na focail “*Cá bhfuil bia na gcat?*” Agus an raibh fir riamh romhat i scuaine chuig an scipéad...? Fiú mura mbíonn ach nuachtán á cheannach acu ní bhíonn an t-airgead réidh acu riamh!



SCÉAL GRINN NA MÍOSA — AN TEACH PÍOTSA

Téann an fear seo (is fear a bhíonn ann i gcónaí!) isteach i dteach píotsa. Tá an áit plódaithe ach faoi dheireadh sroicheadh sé an cuntar.

“*Ba mhaith liom píotsa mór le liamhás, cáis agus beacáin*” ar seisean.

“*Tá go maith*” freagraíonn an cailín. “*Beidh mé leat ar ball. Ar mhaith leat an píotsa gearrtha in ocht slisne nó i ndeich slisne?*”

An fear - “*B'fhéidir gur chóir duit é a ghearradh in ocht slisne mar ní dóigh liom go mbeinnse in ann deich slisne a ithe!*”

FOCLÓIRÍN

teach píotsa – *pizza house*

plódaithe – *crowded*

beacáin – *mushrooms*

slisne – *slice(s)*

b'fhéidir gur chóir duit – *maybe you'd better*

a ghearr - *to cut*

go mbeinnse in ann – *that I would be able to*



TURAS NA hAIBHNEACHA - AN RÉIN AGUS AN MOSELLE I *Liam Mac Eochaidh*

I dtosach na bliana seo shochraigh mo bhean chéile agus mé féin ar thuras a thabhairt ar an Réin. I mí an Mheithimh d'eitliomar go Dusseldorf agus thógamar bus go Cologne áit a raibh an soitheach *William Shakespeare* ar ancaire ar an Réin. Bhíomar ródhéanach do dhinnéar nuair a shroicheamar an bád ach bhí buifé fuar agus ceapairí le fáil againn sa phroinnteach. Ba bheag aird a bhí againn ar an mbuifé céanna agus bhíomar ag smaoineamh in ár n-aighe arbh é a leithéid de bhlas a bheadh ar na béilí eile a bhí romhainn? Pé scéal é is maith an t-anlann an t-ocras agus d'itheamar gach a bhí ann. Bhí ár gcábán maith go leor, le fuinneog mór ó urlár go síleáil ag féachaint amach ar an abhainn, agus leaba mhaith



chompórdach agus ní fada go rabhamar in ár sámh codlata. I rith na hoíche thaisteal an bád go dtí Koblenz áit a dtagann an Réin agus an Moselle le chéile. Nuair a shroicheamar Koblenz bhí an aimsir fuar agus dealramh báistí ar an lá. Ní raibh ár gcuid éadaigh a thógamar linn oiriúnach in aon chor don aimsir sin. Ach rinneamar a mhór de agus chuireamar orainn na héadaí a bhí againn agus shiúlamar na sráideanna in ainneoin na haimsire. Sa phríomhchearnóg bhí pósadh ag gabháil agus chuamar isteach i dteach ósta agus bhí deoch againn an

fhad a bhíomar ag féachaint ar an gceiliúradh amuigh sa chearnóg. Um thráthnóna thaisteal an bád go Boppard, sráidbhaile álainn a ghlaoitear "*Péarla na Réine*" air. Chaitheamar roinnt ama ann agus ansin ag go bráth linn go Rudesheim. Um thráthnóna thug an captaen cuireadh do na paisinéirí uilig teacht chun deoch a ghlacadh leis. Rinneamar amhlaidh agus bhuaileamar leis féin agus lena fhoireann. Doirteadh an seaimpéin saor in aisce go flúirseach.

Rudesheim



Buíochas le Dia nuair a d'éiríomar ar maidin lá arna mhárach bhí athrú mór tagtha ar an aimsir. Bhí lá brothallach againn agus d'fhan an aimsir mar sin i gcomhair an chuid eile den turas. Bhí an radharc go hálainn ar gach bruach den abhainn. Tá clú agus cáil ar an áit as ucht an fhíona a dhéantar ann agus gach áit clúdaithe le fíonghoirt. Bhíomar go léir ar an deic ag féachaint ar na caisleáin, ar na sráidbhailte agus ar na heaglaisí ag gabháil thart agus ag éisteacht le duine den fhoireann ag míniú stair na háite agus na gcaisleán dúinn. Nuair a shroicheamar Rudesheim dúradh linn go raibh féile mhór gluaisrothar Harley Davidson ag gabháil ann. Bhí sé dochreidte. I ngach áit sa bhaile bhí Harley Davidson páirceáilte ann agus ní raibh spás páirceála le fáil in aon áit. Bhí na rothair chomh glan agus chomh snasta sin go bhfeadfá d'aghaidh a fheiscint sa mhíotal acu. In a theannta sin bhí gluaisrothair i gcónaí ag dul síos suas na sráideanna, a lán toite á ligean astu agus ag déanamh fuaim uafásach.

D'éalaíomar go dtí an Drosselgasse, bóithrín (lána) cáiliúil ina raibh go leor tithe ósta agus cailíní freastail gléasta i ngúnaí de nós na Baváire. I lár an Drosselgasse bhí cloigtheach le 18 gclog ann agus gach ceathrú uaire bhíodh fonn seinnte ar na cloig agus thagadh dealbha beaga amach. D'fhanamar ag éisteacht leis ar feadh tamaill. Ansin chuamar isteach i dteach ósta amháin, áit a raibh fear gléasta i lederhosen agus hata Tioróile ar a cheann aige agus é ag seinm ceoil ar an mbosca agus ag canadh Lili Marlene. Ag siúl na sráideanna in a dhiaidh sin d'éiríomar braon den fhothram ó na gluaisrothair agus an boladh uafásach ón toit. Chuamar ar ais go dtí an soitheach.



AG DUL IN OLCAS

Peadar Ó Muiri

Deirtear é an t-am go léir, go bhfuil cúrsaí an tsoil in Éirinn (agus ar fud an domhain go ginearálta) athruithe as cuimse i gcomparáid leis an nós maireachtála a raibh taithí againn leis sna 'sean laethanta'. Chaithfí aois áirithe a bheith ort chun é sin a thuiscint ach is fíor é cibé slí a smaointear air. Chloisfeá ráitis mar “*níl daoine dea-bhéasach sna laethanna seo*” nó “*níl buíochas a ghabháil le héinne anois*” agus dírithe fós ar an aos óg bocht “*táid go léir leisciúil – níl siad toilteanach obair lae a chur isteach*”, srl, srl. B'fhéidir go bhfuil seo fíor agus b'fhéidir nach bhfuil ach tá staitistic shuaiteach amháin atá fíor agus baineann sí leis an méid foréigin dúnmharaithe atá ag tarlú. Ar an nuacht 6.01 ar RTÉ Dé Luain 30 Meitheamh tuairiscíodh gur tharla níos mó ná caoga dúnmharú sa bhliain 2013 – is é sin dúnmharú amháin in aghaidh gach seachtaine.

Agus tá na figiúirí sin deimhnithe ag an Phríomh-Oifig Staidrimh ([Central Statistics Office](#)) a chur in iúl go raibh 51 dúnmharú sa bhliain 2013 rud achiailaíonn isteach is amach ar dhúnmharú amháin in aghaidh na seachtaine. Mar sin, nuair a chloiseann tú daoine a rá ‘go bhfuil dúnmharú anseo gach seachtain anois’ bíonn an ceart acu. Ach caithfidh go bhfuil cúis éigin ar an drochshuíomh seo. Luaitear drugaí, easpa féinsmacht, easpa reiligiúin agus an fáth mór sin fáil ([availability](#)) ró-éasca ar ghunnaí ag coirpigh. Nuair a chuirtear ná fáthanna le chéile ní mór a admháil go bhfuil sochaí an tsoil inniu i bhfad níos baolaí ná mar a bhí san am atá thart.



TURAS AR BHÓITHRÍN NA SMAOINTE

Eibhlín Ní Charthaigh

Rugadh mé i gContae Mhuineacháin, an duine is sine as ochtar páistí. Sa scoil bheag bhí timpeall céad dalta, áit shonrach ach fhuar go leor sa gheimhreadh! Bhí an tuath ar fad againn mar pháirc imeartha agus bhí obair na feirme ar siúl i gcónaí. Bhí ar na cailíní agus na buachaillí is sine cabhrú le seo, na prátaí a chur síos san earrach, an mhóin agus an féar a shábháil sa Samhradh agus na prátaí a bhailiú arís san Fhómhair - '*ní neart go cur le chéile*'.



Bhaineamar sásamh as an gcomhlúadar agus as an mbia amuigh faoin aer. Sna blianta 1952 –1956 bhíos sa mheánscoil i gClochar Lughaidh. Sheol an bus tríd an mbaile beag Inis Caoin thar mo theachsa gach tráthnóna. Corr uair bhíodh fear ar leith le cóta fada air in aice an dorais. Bhíodh roinnt mhaith ólta aige agus é ag gearán is ag caint os ard. Níor thugadh éinne aon aire dó. Bhí an-áthas orm post a fháil i mBaile Átha Cliath sa státseirbhís. Bhí daoine ar chomhaois liom ag cur fúthu sa chathair agus a lán caitheamh aimsire le cairde nua le fáil.



Mar a tharlaíonn, thiteas i ngrá le fear deas as Contae Luimnigh agus tar éis ceithre bliana phósamar. I rith na mblianta agus na páistí ag fás aníos foilsíodh filíocht agus scéalta Patrick Kavanagh agus chur sé i gcuimhne liom mo shaol sonasach féin agus áilleacht mo dhúiche féin. Cúpla mí ó shin chuaigh mé le grúpa ar chuart go hInis Caoin. Thugamar cuairt ar an Iarsmalann sa sean Eaglais, ar an Reilig, ar a theach cónaithe agus na háiteanna ar leith atá luaite sna dánta aoibhne. Bhaineas an-taitneamh as an turas seo ar bhóithrín na smaointe agus d'ofráil mé paidir ar son an fhir ghlóraigh sin a bhíodh ar an mbus na blianta ó shin - Patrick Kavanagh é féin!

KRAKÓW - ARÍS

Brid Brien

Cosúil le Ben Mac Lochlann (eagrán Bhealtaine), bhí an t-ádh ar m'fhear céile agus mise dul go dtí Kraków cúpla bliain ó shin. Ag an am, bhí mé ag múineadh Béarla d'fhear Polannach agus mhol sé dom dul go dtí a chathair. Dúirt sé liom go raibh An Pholainn an-chosúil le hÉirinn ach go mbíonn sé níos teo sa Samhradh. Thug muid cuairt ar na háiteanna suimiúla cé nach raibh siad uile oscailte. Bhí cuid mhaith díobh faoi athchóiriú ([restoration](#)). D'fhan muid sa cheantar Giúdach agus caithim a rá go raibh na sionagóga ([synagogues](#)) go hálainn. Bhí bainis ar siúl san óstán agus bhí an lánúin nuaphósta ag ceiliúradh ar feadh cúpla lá agus oíche. Bhí muid in ann iad a fheiceáil ón mbalcóin ag damhsa leis na haíonna eile. Cosúil leis na hÉireannaigh, is breá leo ceol, rince agus bheith ag déanamh spraoi.



LABHAIR GAELIGE LINN I nDOMHNACH BAT *Diarmuid Ó Súilleabháin*

Tá ciorcal comhrá bríomhar ar siúl gach Satharn i nDomhnach Bat, tuaisceart Átha Cliath. Cúpla bliain ó shin bhí comórtas don bhaile a dhein an dul chun cinn ab fhéarr ar son na Gaeilge, G-Day a glaoth air faoi stiúradh ag TG4 Chuaigh mé i dteagmháil lena daoine a bhí páirteach ann. Mar sin a thosaíodh an tógra, le ceathrar oilithreach, Diarmuid, Brian, Úna, agus Niall. Bhí an chéad bhabhta againn ar 29 Márta. Scaipeadh an scéal ansin le fograí sna nuachtáin áitiúla comh maith le poblaíocht sna siopaí, sa leabharlann, sa staisiun traenach agus ar FaceBook.



Diaidh ar ndiaidh cuireadh leis an gcomhlúadar agus anois mí Iúil déanann an Ciorcal Comhrá freastal ar fiche duine. Bíonn thart ar seachtar den bhallraíocht i láthair gach seachtain. Tá eagsúlacht sa ghrúpa ó thaobh aoise, ó thaobh inscne, agus ó thaobh cúlra de, is as Domhnach Bat a bhíormhór díobh. Casamíd le chéile sa siopa caife **Cates**, ionad ina bhfuil compord, suaimhneas agus ciúnas ar fáil go flúirseach. Bíimid ag feabhsú ár gcuid Gaeilge, uaireanta le chabhair dí! Bíonn daoine ar bheagán Gaeilge, daoine a bhfuil meánchaighdeán acu chomh maith le cainteoirí líofa againn. Is ar mhaithe le forbairt na Gaeilge réimse cainteoirí a bheith i measc an chomhlúadair.

Le déanaí táthar ag caint faoi structúr ionas gur féidir saibhreas na teanga a mhéadú. Is é atá faoi chaibidil ná an Ghaeilge a bheith níos cruinne ó thaobh gramadaí agus stór na bhfocal de, agus í á labhart againn. Ar a chos sin beidh orainn líon na bhfocal a fhás. Is iad na h-irisí, a chabhraíonn linn anseo. Bíonn an nuachtán “*Seachtain*” ar fáil achain Céadaoin. Chomh maith leis seo is iad Raidió na Gaeltachta, TG4, Newstalk agus RTÉ na foinsí atá againn. Beimíd ar chuairt go Gaeltacht Raith Chairn an bhliain seo chugainn. Amach anseo má bhíonn na spriocanna cainte seo sroichte, tig linn tabhairt faoi nathanna cainte a chleachtadh. Ar an taobh eile níor mhaith linn bheith ródhíograsach ar eagla go scanróimis na baill atá ar bheagán Gaeilge.



Tá an-fhás tagtha ar greasán na gCiorcal Comhrá le blianta anuas. Tá súil againn go mbeidh tuismitheoirí na ngasraí atá ag freastal ar Ghaelscoileanna lárnach sa bhorradh nua seo. Níor mhaith go mbeadh an todhchaí Ghaelach ag brath go h-iomlán ar na seanfhonnadóirí! Más suim leat do chuid Gaeilge a chleachtadh nó a fheabhsú beidh ‘Fáilte’ romhat chuig Ciorcal Comhrá Dhomhnach Bat, “*Is féarr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste.*”

diarmuid.osuilleabhain@gmail.com 086 1755343 Comhrá : An Satharn **CATES** / Supervalu 2pm

BRÓGA

Áine Uí Bhroin

Is mór an trua é gur chóir dúinn bróga a chaitheamh. Braitheann sé ar an aeráid nó ar an áit ina bhfuil cónaí ort sa domhan. Ach is beag duine nach bhfeictear bróga de shaghas éigin á gcaitheamh air nó uirthi. Is maith liom bróga deasa agus mála deas má bhím ag dul amach go sóisialta nó go dtí bainis. Is breá liom an dath dearg. Ach ní maith liom an praghas a théann leo. Téim féin go TK MAXX chun sladmhargadh a fháil ach is annamh a bhfaighim aon rud. Deirtear gur féidir leat éadaí dearthóra (**designer clothes**) a cheannach ar leathphraghas. Nuair a bhím i siopa is maith liom bheith ábalta siúl agus breathnú thart go breá mall ach uaireanta bíonn an iomarca daoine ann agus ní bhíonn tú in ann é sin a dhéanamh mar bhíonn daoine ag dul i do shlí, go mór mór má bhíonn fir ann - bíonn siad ag seasamh mar dhealbh sa bhealach ag fanacht ar a mban chéile. Is maith liom bróga le sail íseal (**low heel**). Má bhíonn an tsail ró-ard bíonn sé deacair siúl go tapa agus ar an gcosán tá siad baolach go leor ar eagla go dtéann an tsail síos i bpoll. Is féarr liom na flip fleapanna (**flip-flops**) mar bíonn neart spáis iontu do na méara coise. Tá aithne agam ar mhná a bhfuil thart ar fiche péire bróg acu. I dtosach, níl a fhios agam cá bhfaigheann siad an t-airgead. Ach níl sé sin chomh dona leis an méid péire bróg a bhí ag Imelda Marcas (a bhí pósta le hUachtarán na nOileán Filipíneach) bhí na mílte péire aici - ní dóigh liom go raibh ganntanas airgid sa teach sin!





RAMPAÍ

Labhrás Ó Duinn



Tráth dá raibh nuair nach raibh gluasteán ag mórán daoine, bhíomar lán de mholadh don fheithicil agus beagáinín éada orainn. Bhí fonn mór orainn agus mothúchán dóchais ionainn go mbeadh gluasteán againn féin uair éigin amach anseo. Ag féachaint ar dhaoine ag suí isteach ina ngluasteán agus ag dul áit éigean ar feadh lae taitneamhaigh amach sa *charr*, ag tiomáint ar a sáimhín só fad an bhóthair chuig an trá nó faoin tuath nó fiú ag dul díreach chun an tsiopadóireacht a dhéanamh, ó dá mbeadh gluasteán agam ... nárbh é sin an smaoineamh? Bhuel, b'shin é cinnte ach ní mar a shíltear bítear.

Sna laethanta sin bhíteá in ann tiomáint fad an bhóthair gan 'rampa' le cur isteach ort agus moill a chur ar d'aistear. Tá an pléisiúr bainte den tiomáint. Ach nach é sin díreach an fáth go bhfuil na rampaí ann deir tú – chun gluasteáin a bhíonn ag dul róthapa a mhoilliú? Tá, is ea, ach an bhfuil sé cothrom go bhfuil gach éinne eile ag fulaingt mar thoradh orthu siúd a thiománann róthapa? Agus cé hiad seo go díreach a bhíonn ag dul ar luas róthapa? Bíonn chuile dhuine idir mhná agus fhir ciontach as an teorainn luais a shárú ó am go ham ach deir na Gardaí gurb iad fir óga i ngluasteáin ar bhreis fhuinnimh ([soured up](#)) den chuid is mó atá ciontach as sin.

Ach, i mo thuairimse, tá Comhairle Bhaile Átha Cliath imithe thar fóir go mór lena cuid 'rampaí'. Tá sé glactha go bhfuil siad riachtanach ach cén fáth go bhfuil an oiread sin díobh ann – ar bhóithre áirithe tá rampa ann ar gach achar 150 méadar (Bóthar Pháirc na nGrás i nDroim Conrach mar shampla). Cuireann sé isteach ar shuaimhneas an tiomána (tá sé sin imithe le fada), níl sé ar leas na feithicle agus cuireann sé moill freisin ar fheithicilí slándála.

Focal scoir – b'fhéidir nach dtuigeann siad in [Dublin City Council](#) cad is brí le 'ramp/rampa' mar ní rampaí iad na rudaí atá ar na bóithre – is 'baic luais' iad nó, as Béarla, '[Speedbumps](#)'. Is rud eile ar fad é rampa.

SPIKE MILLIGAN

B'Éireannach é an fear grinn sin Spike Milligan.

Bhí sé mar dhuine den '[Goon Show](#)' ar Raidió BBC ar feadh na blianta. D'éag Spike Milligan an 27 Feabhra 2002. Ar a leac thuama tá na focail scríofa as Gaeilge, "*Dúirt mé libh go raibh mé breoite*", nó, as Béarla, "*I told you I was sick.*"

Said Hamlet to Ophelia

"I'll draw a sketch of thee

What kind of pencil shall I use?

2B or not 2B?"



Cé mhéad tír atá san Eoraip? - 28. Is í an Chróit ([Croatia](#)) an tír is déanaí le teacht isteach i 2013. Cén bhliain a chuaigh Éireann isteach san Aontas? Táimid san A.E. ó 1973 i leith.

ROGER BANNISTER

I gcúrsaí spóirt – i lúthchleasaíocht mar shampla, bíonn na soicindí fíor-thábhachtach. Sin an fáth go bhfuil a leitheid de staduaireadóir ann - ach an 6 Bealtaine 1954 rith Roger Bannister achar míle

i 3 nóim. 59.4 soic. Bhí sé tar éis an churiarraíocht seasta an lae de 4 nóim. 1.4 soic. a bhriseadh. B'fhéidir nach rud mór é sin anois ach sna laethanta sin bhí an t-éacht go mór i mbéal an phobail.

N'fheadar, an bhfuil a fhios ag éinne an luas atá leis an míle an lá atá inniu ann?



Tógtha ag an turasóir céanna is dócha. Séard atá suimiúil ná - go bhfuil taithí againne ar a leitheid d'fhógra. Ach anois tá a fhios ag duine amháin ar a laghad - cuairteoir ó thír eile - go bhfuil teanga dár gcuid féin againn in Éirinn!



*is fearr rith maith ná drochsheasamh
he who runs away lives to fight another day*



Cad í an Ghaeilge ar seo?

Cá gheobhfá an ascaill seo?

TABHAIR AIRE AR NA hAIRÍ GAELTACHTA NUA! Scott De Buitléir

Nuair a fuairas amach go raibh Joe McHugh ainmnithe le bheith ina Aire Stáit le cúram speisialta ar an nGaeltacht, phléasc an pobal Gaeilge le fearg – ar na sráideanna agus ar-líne freisin. Bhíothas ag rá go raibh an nuacht chomh hamaideach sin le haire oideachais nach mbeadh léamh ná scríobh ar chumas aige. Ní raibh mórán sásta leis an nuacht ar chor ar bith; go mbeadh beirt gan Ghaeilge anois i gceannas ar chúrsaí Gaeltachta amach anseo. Ní raibh mise sásta leis, ach an oiread, ach tá seans go mbeadh sé ina mhaitheas dúinn.



Iontas ort? Thuigfinn sin, mar is ráiteas aisteach uaim é. Sin ráite, smaoinigh faoi; tá Gaeilgeoirí na tíre seo tinn tuirseach de bheith ag gearán faoi chúrsaí Gaeltachta (agus na Gaeilge go ginearálta) do lucht an Rialtais agus lucht an Bhéarla. Coimeád in intinn go raibh Seán Ó Cuirreáin chomh braon dár rialtas gur éirigh sé as a phost. Anois, tá ról glactha ag beirt Bhéarlóirí (más féidir a leithéid de théarma a thabhairt orthu) chun léim isteach i ndomhan na Gaeltachta/Gaeilge agus cabhair éigin a chur ar fáil. Tá McHugh i ndiaidh dul go Gleann Cholm Cille chun tabhairt faoi chúrsa Gaeilge, agus bhí alt aige san fhorlónadh *Seachtain* san [Irish Independent](#), ag geallúint go gcabhródh sé le pobal na Gaeltachta an fód a sheasamh.

Mura gcreidtear é, maith go leor, ach beifear le feiceáil pé scéal é. Tá go leor Aire Gaeltachta i ndiaidh beagán a dhéanamh do lucht na Gaeilge thar na blianta, pé líofacht Gaeilge a bhí acu. An seans é seo, don rialtas reatha seo, chun fadhbanna agus dúshlán na Gaeilge a thuiscint ó pheirspictíocht nua? An féidir leo súil úr a chaitheamh ar an méid ar chóir dúinn oibriú air? Is cinnte go raibh daoine eile ann sa rialtas a bhí oiriúnach don phost, toisc go raibh Gaeilge líofa acu, ach an ndéanfadh siad jab níos fearr?

Faoin am seo, táimse tuirseach de bheith ag amharc ar amaideacht an rialtais seo, ach b'fhéidir gur chóir dúinn seans a thabhairt don bheirt nua seo gan Ghaeilge. Cá bhfios... déarfadh an duine dóchasach gurbh fhéidir leo iontas a chur orainn go léir.

TÁ NA MARSÁIGH TAR ÉIS TUURLINGT! Liam Mac Domhnaill

Ar an Domhnach 30 Deireadh Fómhair 1938 ag a 8 an chloig san oíche, tuairiscíodh ar an raidió i Meiriceá go raibh eachtráin ([aliens](#)) tar éis tuirlingt in New Jersey. Bhí daoine ag éisteacht le clár ceoil scannán agus damhsa nuair a briseadh isteach ar an gclár leis an nuacht go raibh réalteolaithe tar éis gníomhaíocht neamhchoitianta bholcánach ([volcanic](#)) a thabhairt faoi deara ar Mhars.

Tamall ina dhiaidh sin cuireadh isteach ar an gclár arís le cur in iúl go raibh dreigít ([meteorite](#)) tar éis teacht ar thalamh i bhfeirm bheag in Grovers Mill in New Jersey agus go raibh tuairisceoir fiú ar an láthair le micreafón ina lámh aige agus é ag déanamh tráchtairachta ar an eachtra. Ar ndóigh, ní raibh bunús ar bith leis an scéal.

Ba chuid de shraith (trí chlár déag) de [Columbia Broadcasting System](#) é, inar craoladh clár go rialta gach Domhnach. Bhí an clár áirithe seo faoi stiúir Orson Wells bunaithe ar an úrscéal '*The War of the Worlds*' le HG Wells.



Mhair an clár uair an chloig agus sa tréimhse sin cuireadh isteach air go minic le haghaidh scéala práinnaigh faoi na Marsaigh a chur in iúl: bhí an t-Arm ag dul i ngleic leo ach ní raibh ag éirí leis an lámh in uachtar a fháil orthu, bhí na mílte duine ag teitheadh óna mbaile agus bhí na Marsaigh in [Times Square](#). Dúinne inniu, is féidir linn bheith ciniciúil fúthu siúd ar a raibh an dallamullóg curtha orthu ach is fiú cuimhneamh gur tharla sé seo seachtó a cúig bliana ó shin agus bhí an pobal níos somheallta ansin. Bhí na tuairiscí agus glór an tuairisceora chomh réadúil sin nach féidir an locht a chur ar an lucht éisteachta. Bhí scrannradh mór ar dhaoine. Bhí an Raidió i mbarr a réimse mar fhoinsé nuachta ag an am agus bhí gléas raidió i ngach teaghlach. Ag deireadh an chláir dúradh gur bréagchlár ab ea é gan fírinne ar bith agus gabh Wells a leithscéal leis an bpobal in agallamh an lá dár gcionn. Tá an clár ina iomlán le fáil ar [YouTube](#).



MAIDINEACHA CAIFE



"get back into the Irish at the following locations - it's easy!"



- Dé Domhnaigh: 11.30 am. Tillies Caifé, Bóthar San Gabriel, Cluain Tarbh, BÁC 3.
 Dé Domhnaigh: 12.00 meán lae. Club Ghaeil na Life, Club CLG, Baile Thormaid, BÁC 10.
 Dé Domhnaigh: 10.30 am. "O'Briens Irish Sandwich Bar", 94 An Phríomhshráid, Bré Chulann
 Dé Luain: 10.30 am. "Dundrum House", Príomhshráid, Dún Droma, BÁC 14.
 Dé Luain: 10.30 am. Ionad Paróiste, Séipéal Naomh Breandán, An Chúlóg, BÁC 5.
 Dé Luain: 10.30 am. 'Morning Glory' coffee shop, Eaglais an Spiorad Naofa, Greenhills, BÁC 12.
 Dé Luain: 11.00 am. Deochlann Teach Mac Ghabhainn, Crois Arait, BÁC 6.
 Dé Máirt: 12.00 meán lae. "DiVino Tapas Restaurant". 26A Sráid an tSéipéil. Na Sceirí, Co. BÁC.
 Dé Máirt: 12.30 pm. (St. Laurence O Toole GAA Clubhouse), Plás Seville, BÁC 1.
 Dé Máirt: 11.30 am. Ionad Paróiste, Eaglais Naomh Bríde, Cill Easra, BÁC 5.
 Dé Máirt: 11.00 am. "Coffee Dock," SPAR (an Triantán), Raghallach, BÁC 6.
 Dé Céadaoin: 10.30 am. "The River Café", Ionad Siopadóireachta Ráth Eanaigh, BÁC 5.
 Dé Céadaoin: 10.30/11.00 am. An Bhutrach, Coláiste na Tríonóide, BÁC 2.
 Dé Céadaoin: 10.30 am. 'Seomra Tae', An tSráid Mhór, Mullach Íde, Co. BÁC.
 Dé Céadaoin: 11.00 am. FOODFAIR, Ascaill Mhic Aoidh, Fionnghlas, BÁC 11.
 Dé Céadaoin: 11.00 am. Bistro 6 Thiar, 90 Bóthar Thír an Iúir Thuaidh, BÁC 6W.
 Déardaoin: 10.30 am. Ionad 'Le Chéile' Pobail, Domhnach Cearna, BÁC 5.
 Déardaoin: 10:30 am. Ionad Paróiste Naomh Antaine, Cluain Tarbh, BÁC 3
 Dé hAoine: 11.00 am. "Addison Lodge" (Garraithe Náisiúnta na Lus), Glas Naíon, BÁC 9.
 Dé hAoine: 01.00 pm. "Connolly Books", Sráid Essex, Barra an Teampaill, BÁC 2.
 Dé Sathairn: 10.30 am. "Kay's Kitchen", Ionad Siopadóireachta Dhomhnach Míde, BÁC 13.
 Dé Sathairn: 02.00 pm. Seomra na Leabharlainne, Central Hotel, Sráid an Chiste, BÁC 2.
 Dé Sathairn: 12.30 pm. "The Cottage", An Mál, Ionad an Bhaile, Sord Cholm Cille, Co. BÁC.
 Dé Sathairn: 02.00 pm. Supervalu- Kane/McCartney's, Domhnach Bat, Co. BÁC.



Ben Mac Lochlainn
Seán Ó Coileáin

Tuilleadh eolais ó:

086 2663392
087 2351825

ben7maclochlainn@gmail.com
johnpascalcollins@hotmail.com



VINTAGE CAR RALLY - RAILÍ GLUAISTEÁN SEANRÉ

Sunday, 17th August: West Wicklow Classic & Vintage Club (WWCVC) - 5th annual classic car & motorcycle run in aid of the Solas Special School for Autism in Dunlavin. Registration is €20 and takes place at Germaine's in Baltinglass at 1.30 pm. The WWCVC is celebrating 40 years of the **Volkswagen Golf**. All Golf's from Mk 1 to Mk 7 are welcome as well as all other marques.

West Wicklow Classic & Vintage Vehicle Club
 S'LAS Special Class for Children with Autism
VOLKSWAGEN GOLF
 40th Anniversary Celebration
 1974 2014
 Golfs of all ages and varieties welcome.
 Special Prizes for golfs in various classes.
 Sun Aug 17th @ 1:30 PM
 At Germaine's of Baltinglass In Association with our:
 Baltinglass Classic Car & Motorcycle Run
 In Aid of: Solas Special School for Children with Autism in West Wicklow
 Entry only €20 per vehicle including 1 Dinner. Additional meals available.
 All Classic, vintage, retro, sports, modified and interesting vehicles welcome

An Domhnach, 17 Lúnasa: Club Feithiclí Clasaiceacha agus Seanré Iarthar Chill Mhantáin - 5ú Rás Bliantúil Clasaiceach Ghluaisteán agus Gluaisrothar á reachtáil ar son Scoil Speisialta Sholas d'Uathachas i nDún Luáin. Beidh clarú ar chostas €20 in 'Germaine's' i mBealach Conglais ag 1.30 pm. Tá an WWCVC ag comóradh daichead bliain den **Volkswagen Golf**. Tá fáilte roimh gach saghas agus déantús **Golf** ó MK 1 go dtí Mk 7 ag an Railí.

TURAS: NA CEANNABHÁIN BHÁNA—MEÁN FÓMHAIR

24 Meán Fómhair: Traein go Gaillimh ag fágáil Stáisiúin Heuston 24ú ag 1.25 pm; mionbhus ó Gaillimh go dtí Óstán Chuan Charna. Dhá oíche san óstán. **Costas: €70**

Deireadh seachtaine le ceol, le rince, le hamhránaíocht, le ceardlanna, le siamsa agus le spraoi. Beidh Máirtín Tom Seáinín ag craoladh a chlár raidió Dé Domhnaigh linn roimh aonach beag san óstán. Ar ais ar an mionbhus go Gaillimh agus ar thraein go Stáisiún Heuston ag imeacht ag 5.00 pm.

Tuilleadh eolais ó Stiofán 086 6669052



CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-8

TRASNA

SÍOS



3	ink (4)
5	badger (4)
8	ass (4)
11	apparatus (7)
13	brood (2)
14	physician (3)
15	calf (3)
16	corridor (7)
18	ewe (5)
19	luxury (2)
21	nuisance (4)
27	frying-pan (9)
24	mare (4)
26	harbour (4)
28	to (2)
29	disappointment (5)
31	chart (5)
32	foal (8)
36	stretch (3)
37	gutter (7)
40	where (2)
41	feminine (13)

1	accordion (7)
2	disease (5)
4	loudspeaker (8)
6	era (2)
7	click (5)
9	steamer (10)
10	tired (8)
11	gall (3)
12	farther (3)
15	match (5)
17	hammer (5)
20	from (2)
23	my (2)
24	blush (6)
25	weaving (2)
27	new (3)
28	straight (7)
29	handful (6)
30	twisted (5)
33	king (2)
34	tax (4)
35	drove (4)
38	axe (3)
39	utterance (2)

CUARDACH FOCAL 8

uirlisí ceoil 1/musical instruments 1

F	M	F	Í	O	P	H	F	Ó	N	A	I	P	P	S
I	A	C	I	G	N	E	C	Í	L	A	L	A	B	C
F	N	Á	R	D	O	B	T	A	F	H	Ó	I	O	L
N	D	Í	Á	U	I	R	D	O	B	C	M	N	D	Á
Í	I	Ó	T	F	I	D	I	L	N	A	A	Ú	H	I
D	L	E	O	A	É	T	M	N	I	E	I	T	R	S
R	Í	S	S	N	G	F	C	N	Á	S	P	S	Á	R
I	N	N	G	O	A	F	D	H	I	R	D	Í	N	Á
A	O	I	B	D	E	I	R	Á	L	I	Ú	T	Ú	L
C	B	A	L	A	L	Á	I	C	E	Á	A	I	I	C
O	E	B	D	Í	S	A	R	T	Í	L	R	Ú	C	H
F	N	Ó	N	T	I	Ú	I	H	F	C	I	I	N	T
C	G	I	O	T	Á	R	C	R	D	T	Ú	L	Ú	O
S	A	I	A	L	Á	P	N	A	I	O	Í	F	E	R
M	G	R	I	P	Í	A	M	Ó	Í	A	B	S	Ú	C

bainseó (banjo)	feadó (whistle)
balálaice (balalaika)	fidil (fiddle)
basúcaí (bouzouki)	fif (fife)
bodhrán (bodhrán)	flúit (flute)
cairdín (accordion)	giotár (guitar)
cláirseach (harp)	liúit (lute)
consairtín (concertina)	maindilín (mandolin)
cruitchlár (harpsichord)	pianó (piano)



NA CAILÍNÍ AG TAISPEÁINT NA SLÍ!

Pádraig Mac Éil

Den chéad uair riamh, i mí Iúil, d’imir foireann ó Éirinn i gCraobhchomórtas Sacair na hEorpa do Mhná faoi 19 mbliana d’aois. Ba é 2011 an chéad uair a cháiligh foireann na bhfear don chomórtas céanna. Rinne mná óga na hÉireann sáriarracht. I dtosach bhuaigh siad ar an Spáinn le cúl ó chos Clare Shine. Ansin chas siad ar Shasana ach d’aimsigh an sean-namhaid cúl sa 36ú nóiméad. Ach níor ghéill na cailíní i nglas (cé go raibh siad ag imirt i bhfeistis (**strips**) dhubha sa chluiche seo!) agus ba le gaois agus le díocas (agus lena gceann!) a bhain Savannah McCarthy agus Keeva Keenan cúl an duine amach. Bhí an diongbháilteacht chéanna le feiceáil sa tríú cluiche i gcoinne na Sualainne. Chuaigh na Lochlannaigh chun tosaigh tar éis 8 nóiméad ach, arís, ní dheachaigh na hÉireannaigh i scaoll (**did not panic**) agus bhí na foirne ar comhscór le buille cinn ó Megan McCarthy agus ghnóthaigh cúl ó Connolly an bua dóibh 10 nóiméad ón deireadh. Faraor, níor éirigh leis na hÉireannaigh sa chluiche leathcheannais nuair a chaill siad 0-4 i gcoinne na nOllannach (tréchleas – **hat-trick** ó Vivianne Miedema). As 4 chluiche, bhuaigh siad 3 cinn agus chaill siad ceann amháin. In 2011 níor bhuaigh na buachaillí ach cluiche amháin, le dhá cheann cailte acu agus an ceann eile ar comhscór. Scóráil na cailíní 5 chúl i gcoinne 6 i gcomparáid le 3 i gcoinne 8 do na buachaillí in 2011. Bhí an traenálaí Dave Connell an-sásta le hiarrachtaí a fhoirne. Beidh dáréag den bhuíon in ann leanúint san aoisghrúpa faoi 19 ar feadh tamaill eile agus cabhróidh taithí a gcuid saothair in Iúil leo sa todhchaí. Tugadh an leasainm, “*Cailíní na Staire – The History Girls*” ar an bhfoireann agus, cinnte, rinne siad rud stairiúil an mhí seo caite san Iorua. Déanaimid go léir comhghairdeas le mná óga na hÉireann as a gcuid éachtaí.



CROSFHOCAL BG XBG-7: RÉITEACH

1	C	U	I	R	2	E	A	3	D	H		4	M		5	S		6	C				
	O				A		E					7	O	8	C	H	T	A	R				
9	M	E	Á	N	S	C	O	I	L				L		Á				U				
	P				P		R					10	C	11	A	N	12	D	A				
13	O	14	C	H	T	A	P	A	S				17	A	G				O				
18	R	Á			19	Ó	G								20	B	A		I				
	D				G			21	M	É	A	R	C	H	L	Á	R						
	A		22												23	Á	L	24	T	E			
25	C	R	O	Í	Ú	I	L			26	U	A	N			27	D	E					
	H															28	B		A				
					29	C	O	C	H	A	L	L			31	S	A	I	L	32	L		
33	I					34	A	E					35	Á	R		B			A			
	N					37	S	A	M	H	R	A	D	H							S		
38	N	U	A																		39	P	Á
	É					40	A	B	H	A	I	N	N			41	A	M					N

CUARDACH FOCAL 7: RÉITEACH

I	E	T	H	C	A	C	N	E	R	F	L	I	C	H
G	O	A	C	O	A	C	H	Á	R	R	Í	S	I	O
D	Á	R	S	I	O	N	N	A	S	A	D	Ú	N	A
C	O	B	R	Ó	N	Í	N	C	T	N	H	R	O	C
T	G	H	L	I	G	C	S	O	A	C	A	S	O	G
O	N	I	A	I	A	O	I	N	R	N	I	I	N	C
F	I	Á	O	C	I	R	E	A	C	A	N	Á	R	C
L	E	R	H	S	H	G	H	N	N	Í	N	O	A	N
G	R	Á	Í	C	Ú	B	Ó	N	N	C	T	N	I	I
A	I	N	Ú	N	O	F	C	L	T	I	N	C	Ú	S
M	B	O	T	D	S	A	Ó	G	L	O	Á	O	I	I
H	T	A	R	O	I	H	C	I	A	F	R	I	O	
T	C	P	O	R	C	O	E	I	C	I	D	B	G	L
Á	I	Ú	C	U	I	F	S	N	H	F	Í	A	B	U
F	S	H	L	H	C	A	N	N	O	I	S	T	R	C

SEANFHOCAL

taithí a dhéanann máistreacht
experience brings perfection

SEÓ CAPALL BHAILE ÁTHA CLIATH

Ben Mac Lochlainn

Tá clú agus cáil ar Sheó Capall Bhaile Átha Cliath ([The Dublin Horse Show](#)) ar fud an domhain mar cheann de na seóanna capall is fearr atá ann. Tá sé á thionól anois le 146 bliain anuas san RDS i nDroichead na Dothra agus i mbliana beidh sé ar siúl ó 6 -10 Lúnasa. Cé go mbíonn na gcomórtais capall ann, is saghas sárthaispeántas é don tionscadal 'An Capall Éireannach'. Tagann 'lucht an chapail' go dtí BÁC ó gach cearn den domhan agus caitear a lán airgid anseo. Bíonn capaill agus searraigh á ndíol agus á gceannach agus á scrúdú de réir catagóirí difriúla an chapail. Is é príomhócáid an tseó í Corn na Náisiún ([The Nations Cup](#)) nó Trófaí an Aga Khan ([Aga Khan Trophy](#))



agus bíonn daoine ag súil go mór leis. Bíonn sé seo ar siúl ag an Aoine. Ach bíonn i bhfad níos mó ag tarlú seachas cúrsaí capall. Sa Halla Mór tá bialann, taispeántais d'earraí an tí chomh maith le héadaí faisin, le seandachtaí ([antiques](#)), le deismireáin ([curios](#)), le bronntanais, le ceol agus le péinteáil aghaidhe dosna páistí. Agus cosúil le gach ócáid mhór bíonn Lá na mBan ([Ladies Day](#)) mar chuid den tseachtain ar a mbronntar duais i gcomhair an hata agus i gcomhair an fheistis éadaigh is fearr. Bímis ag súil mar sin go mbeidh seachtain bhreá ghréine againn mar ag an deireadh thiar thall is seachtain na clainne agus an turasóra í.



CRAOBHCHOMÓRTAS SINSEAR NA hÉIREANN SAN IOMÁNAÍOCHT

Tá an choimhlint beagnach críochnaithe anois. Tar éis lasctha na gcamán ar fud na tíre níl ach ceithre fhoireann fágtha sa chomórtas. Ní raibh ceachtar de na cluichí ceathrú ceannais róchorraitheach. Bhí bua



éasca ag Luimneach ar Loch Garman, 4-26 in aghaidh 1-11. An raibh na Luimnígh i bhfad níos fearr ná na Carmanaigh i ndáiríre nó ar chas siad ar fhoireann a bhí traochta tar éis a dhá chluiche chrua i gcoinne an Chláir? Cinnte, tá sárímreoir ag Luimneach mar Shane Dowling, a ghnóthaigh 2-8 sa chluiche agus an cúlaí, Seamus Hickey, a bhí go láidir sa chosaint. Ach caithfidh siad máistrí na gcamán, Cill Chainnigh, a imirt anois. De réir na ngeallghlacadóirí



beidh an lá ag na Cait agus is annamh a bhíonn siadsan mícheart. Ach tá géarfhonn ar fhoireann Luimnigh clú agus cáil a bhaint amach dóibh féin agus déanfaidh siad a seacht míle dícheall chun an bua a fháil agus dul ar aghaidh chun greim a bhreith ar Chorn Mhic Cárthaigh. Tá siad ag feitheamh le fada anois ar an lá sin, ó1973. Ba mhaith liom an bua a bheith ag foireann TJ Ryan ach ní annamh a chaileann na Cait.



Bhí bua éasca ag na Tiobraid Árannaigh ar Áth Cliath sa chluiche ceathrú ceannais eile, chomh héasca sin, b'fhéidir, go mbeidh Anthony Daly ag fágáil na Dubs go luath. Beidh Tiobraid Árann ag imirt in aghaidh Corcaigh sa chluiche leathcheannais. Tá stair rathúil ([successful](#)) ag an dá chontae sa Chomórtas. Bhuaigh Corcaigh Corn Mhic Cárthaigh 30 uair agus bhuaigh



Tiobraid Árann é 28 uair. Mar sin beidh coimhlint ghéar eatarthu. Níl na geallghlacadóirí chomh cinnte faoi thoradh an chluiche seo. Tá súil againn go mbeidh cluiche bríomhar corraitheach cothrom eatarthu. Ní dócha go mbeidh mórán idir na scóir ag an deireadh.

Cé a bheidh sa chluiche ceannais i mí Mheán Fómhair? Ba dheas an rud é Luimneach a fheiceáil ann ach is dócha go mbeidh Cill Chainnigh agus Tiobraid Árann ag imirt don Chorn.

SNÁMH NA LIFE

Tá an snámh seo á thionól gach uile bliain ó 1920. Tosaíonn an rás ag Droichead Ruaráí Uí Mhóra in aice le Stáisiún Traenach Heuston agus críochnaíonn sé ag Cé Theach an Chustaim ([Custom House Quay](#)). Bíonn idir mhná agus fhir páirteach ann, agus bíonn ionadaíocht de chlubanna éagsúla snámha ann. I mbliana beidh an snámh ar siúl Dé Sathairn 23 Lúnasa. Tá an eachtra urraithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Tuilleadh eolais: www.leinsteropensea.ie

